# Bunscoil | Folláine

## Comhairliúchán le páistí i mbunscoileanna na hÉireann 2023

### Taithí páistí leis an gCorpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa Bhunscoil

Is iad an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag obair i gcomhar le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chuir ceisteanna ar pháistí faoina ndearcthaí agus faoina dtaithí ar an gCorpoideachas agus OSPS sa bhunscoil. Baintear úsáid as an eolas le cinntí a dhéanamh maidir leis an méid a fhoghlaimeoidh páistí sa churaclam athfhorbartha Folláine.

**Labhraíomar le páistí idir 8–13 bliana d'aois i 4 bhunscoil éagsúla.**

Is é seo a dúradar

### C.1. Cad a dhéanann tú/fhoghlaimíonn tú sa Chorpoideachas/OSPS?

**Cluichí:** Badmantan, peil, cispheil, seachain, rugbaí leaiste, eitpheil, haca, líonpheil agus cluiche corr agus síntí

Lúthchleasaíocht

Snámh

Gleacaíocht

Damhsa

Treodóireacht

"Ráibeáil thar na cóin"

Faoi chairde agus teaghlach agus gach duine timpeall ort.

Cineáltas a léiriú

Foirmeacha éagsúla meán, a bheith sábháilte ar an idirlíon

A bheith mar chuid den phobal – tá cultúir éagsúla ag daoine éagsúla.

Bulaíocht

Stíl mhaireachtála shláintiúil, bia, aclaíocht amuigh faoin aer.

"Ní gá dúinn sásamh a bhaint as na rudaí céanna"



### C.2 Céard a thaitníonn leat faoin gCorpoideachas?

A bheith ag imirt le cairde

Ag obair le chéile

Spraoi a bheith agat

A bheith sona agus sláintiúil

Rogha a bheith agat

A bheith amuigh faoin aer

"Tá an Corpoideachas go maith do do shláinte"

### C.2 Céard faoi ar mhaith leat a fhoghlaim in OSPS?

Sóisialú agus cairdeas

Mothúcháin agus cinnteoireacht

Daoine agus cultúir éagsúla

Conas meas a léiriú ar dhaoine eile agus conas déileáil le bulaíocht

A bheith slán – sábháilteacht ar líne, ar an mbóthar agus ar an bhfeirm

Maireachtáil shláintiúil

"An chaoi le bheith níos sóisialta agus gan a bheith gafa i do sheomra ar feadh an lae."



### C.3. Céard nach dtaitníonn leat faoin gCorpoideachas?

Imirt gharbh agus gortuithe

Éagothroime, caimiléireacht agus daoine a ghlacann go dona leis an gcailleadh

Tuirse agus a bheith róthe, rófhuar agus tart a bheith ort

Nuair nach bhfuil go leor ama agat

Na rudaí céanna á dhéanamh agus gan rogha a bheith agat

"Bíonn daoine ró-iomaíoch in amanna"

### C.3. Céard a chuideodh leat aireachtáil sábháilte agus ar do shuaimhneas le linn duit a bheith ag foghlaim san OSPS?

An deis a bheith agat ceisteanna a chur agus úsáid a bhaint as boscaí ceiste

Samplaí a thabhairt agus rudaí a bhriseadh síos

A bheith ag éisteacht le gach duine

Obair foirne

A bheith measúil

"A bheith ag tacú le gach duine"

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## C4. 'Dá mba thusa an príomhoide ar feadh lá amháin, cén plean a bheadh agat don Chorpoideachas/ OSPS don lá sin?'

Níos mó ama a chur ar leataobh le Corpoideachas a dhéanamh

Níos mó trealaimh a fháil

Cuireadh a thabhairt do lúthchleasaithe cáiliúla

Seomra na gcéadfaí a thógáil

Roghanna a thabhairt

Úsáid a bhaint as spásanna glasa – imir ar an bhféar

Acmhainní agus áiseanna damhsa, gleacaíochta, trampailíneachta, cispheile, snámha, cadhcála a fháil

"Ná fág duine ar bith ar lár!"

Déan cinnte go bhfuil gach duine in ann a dtuairim a roinnt

Léirigh meas ar mhothúcháin páistí nuair a dhéanann siad iarracht a mothúcháin a chur in iúl

Tabhair roghanna do pháistí

Tabhair sosanna gearra má tá OSPS strusmhar

"Cruthaigh bratacha do na páistí de bharr go bhfuil go leor cineálacha scoláirí ann"



## Seo a leanas cuid de na rudaí atá CNCM ag déanamh le haiseolas na bpáistí:

### Dúirt na páistí

'Is gá níos mó ama a thabhairt don chorpoideachas'

'Ní bhíonn sé ann ach uair sa tseachtain'

'Ba mhaith liom a bheith in ann cluichí a mholadh'

'Níos mó ionchur sna gníomhaíochtaí a dhéanann muid i gCorpoideachas'

'Ba chóir dúinn vótáil faoi na rudaí a dhéanann muid i gCorpoideachas'

'Conas do chuid mothúcháin a rialú'

'Ba mhaith liom tuilleadh a fhoghlaim faoi bhraistintí agus mothúcháin'

'Ba mhaith liom a bheith sábháilte...'
'ar an bhfeirm'
'ar líne'
'bóithre'
'strainséirí'



### Rinneamar

Moltar níos mó ama a chaitheamh ar fhoghlaim na bpáistí sa chorpoideachas ar scoil sa dhréachtchuraclam Folláine.

Cuirfear níos mó deiseanna ar fáil do pháistí rogha a dhéanamh faoi conas agus céard a fhoghlaimeoidh siad sa dhréachtchuraclam Folláine.

Leagann an dréachtchuraclam Folláine níos mó béime ar fhoghlaim faoi bhraistintí agus mothúcháin.

Tugann an dréachtchuraclam deiseanna do pháistí foghlaim faoi scileanna, rialacha agus treoirlínte sábháilteachta.

**Ní raibh an CNCM in ann aiseolas gach páiste a chur san áireamh agus an curaclam Folláine athfhorbartha á phleanáil. Bhain roinnt de na tuairimí a chomhroinneadh le hathruithe costasacha a dhéanamh ar fhoirgnimh scoile agus ní bhaineann cinntí mar seo le pleanáil curaclaim.**

- 'linn snámha a thógáil don scoil'
- 'áit sciála'
- 'parafaoileoireacht'
- 'cúrsa i gcomhair galf mearaí'

Chomhroinneamar an tuarascáil ar gach rud a dúirt na páistí leis na daoine ar fad a dhéanann cinntí faoin méid a fhoghlaimíonn páistí sa bhunscoil.

Anois táimid ag iarraidh ar níos mó daoine, amhail múinteoirí agus tuismitheoirí, a gcuid smaointe a thabhairt dúinn faoin méid atá scríofa againn. Déanfaimid machnamh ar smaointe gach duine sula dtabharfaimid an curaclam Folláine athfhorbartha chun críche.



Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), i gcomhpháirtíocht le Hub na nÓg agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland